**Trascheist mhór le haghaidh freagra i scríbhinn G-001001/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 139
**Ryszard Antoni Legutko**, **Zdzisław Krasnodębski**
thar ceann Ghrúpa ECR

Ábhar: An Coimisinéir Schinas agus Catar

An 9 Nollaig 2022, rinne póilíní na Beilge ruathair ag seoltaí éagsúla ar fud na tíre, lena n-áirítear ag oifigí i bParlaimint na hEorpa. Gabhadh ochtar, agus ina measc bhí Feisirí reatha agus iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa don Ghrúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe. Rinneadh ruathair eile maidir leis an gcás seo san Iodáil agus sa Ghréig agus tá an t-imscrúdú fós ar siúl[1].

Rinneadh éilliú, sciúradh airgid agus ballraíocht in eagraíocht choiriúil líomhnaithe atá urraithe ag 'Stát na Murascaille' (Catar is dócha), arbh é ab aidhm léi tionchar aindleathach a imirt ar chinntí polaitiúla nó ar ghníomhaíochtaí polaitiúla a rinne na hinstitiúidí Eorpacha, a chur i leith na n-amhrastach a gabhadh. B'ionann méid carntha an airgid thirim a urghabhadh i mbreis agus 20 ruathar ar fud na hEorpa agus EUR 1.5 milliún.

Tá an scannal éillithe seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe tar éis smál mór a chur ar íomhá Pharlaimint na hEorpa agus an Aontais Eorpaigh ina iomláine. Chun iontaoibh agus muinín na saoránach a athchothú, beidh sé riachtanach léargas iomlán a thabhairt ar líomhaintí comhchosúla maidir le trasnaíocht eachtrach a bhíonn os comhair institiúidí Eorpacha eile.

Sa chomhthéacs sin:

1. An bhfuil na barúlacha dearfacha maidir leis na forbairtí polaitiúla a tharla le déanaí i gCatar, go háirithe maidir lena athchóiriú ar mhargadh an tsaothair, a thug an Coimisinéir Margaritis Schinas le fios roinnt uaireanta ar a chainéil ar na meáin shóisialta[2], ina léiriú iomlán ar sheasamh oifigiúil an Choimisiúin mar a mhaígh a n-údar?

2. Cathain agus conas a rinneadh an cinneadh an ról ionadaíocht oifigiúil a dhéanamh ar an gCoimisiún ag searmanas oscailte Chorn Domhanda FIFA 2022 i gCatar a tharmligean chuig an gCoimisinéir Schinas?

3. An nochtfaidh an Coimisiún liosta iomlán de chruinnithe a bhí ag an gCoimisinéir Schinas le húdaráis Chatar nó le hionadaithe eintiteas atá á rialú ag Catar nó saoránaigh Chatar ó thús a shainordaithe mar Choimisinéir um ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn an 1 Nollaig 2019?

4. Cé chomh rannpháirteach agus a bhí an Coimisinéir Schinas i bpróiseas dréachtaithe inmheánaigh an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le díolúintí víosa do náisiúnaigh Chatar agus Chuáit?

5. An seolfaidh an Coimisiún imscrúdú inmheánach cibé an sárú ar an gCód Iompair do Choimisinéirí iad gníomhaíochtaí an Choimisinéara Schinas i ndáil leis an gcomhad thuasluaite?

6. Cad í an staid mar atá maidir le hobair an Choimisiúin ar thogra maidir le comhlacht eitice neamhspleách a bhunú a bheidh i gcoiteann ag na hinstitiúidí Eorpacha uile, mar a fógraíodh i litir mhisin an Uachtaráin Von der Leyen chuig an gCoimisinéir Věra Jourová, an Leas-Uachtarán um Luachanna agus um Thrédhearcacht, i mí na Nollag 2019?

Curtha síos: 2.2.2023

[1] Amhail ón 21 Nollaig 2022.
[2] Féach na postálacha a foilsíodh ar chuntas oifigiúil Twitter Margaritis Schinas (@MargSchinas) an 27 Aibreán 2022 agus an 19 agus an 20 Samhain 2022.